Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath Teo.

Tuarascáil Bhliantúil 2004

NDP NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

Dublin City Enterprise Board

EUROPEAN UNION STRUCTURAL FUNDS

Faigheann Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath cistiú ó Rialtas na hÉireann agus páirtmhaoiniú ón Aontas Eorpach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

An Clár:

Réamhrá — **Athbhreithniú ar 2004**
Comhráiteas ag an gCathaoirleach agus ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Fordhearcadh

Roinn 1 — **Cultúr Fiontraíochta a Chur chun Cinn**

1.1 An tSraith Léachtaí Gnó *Get Started*
1.2 Fiontraíocht Scoileanna
1.3 Gradaim Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath
1.4 Seimineáir chun Smaointe Gnó a Ghiniúint

Roinn 2 — **Faisnéis Ghnó agus Comhairle/Oidí a Sholáthar**

2.1 An Pointe Teagmhála Aonair
2.2 Tacaíocht Réamhfhiontair
2.3 Oidí
2.4 Tacaíocht do Lucht Fad-dífhostaíochta
2.5 Suíomh Idirlín

Roinn 3 — **Cúnamh Airgeadais**

3.1 Íocaíochtaí Deontas

Roinn 4 — **Forbairt Bainistíochta**

4.1 Teicneolaíocht Faisnéise
4.2 Plato
4.3 An Clár um Mná i gCúrsaí Gnó

Athbhreithniú ar 2004
Comhráiteas ag an gCathaoirleach agus ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is mór an pléisiúr dúinn an t-athbhreithniú seo ar an mbliain 2004 a chur i láthair thar ceann Stiúrthóirí Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath Teoranta.

Ar nós blianta roimhe sin, bliain an-rathúil agus nótáilte eile ab ea 2004. Is é an cuspóir atá leis an athbhreithniú seo ná léargas a thabhairt ar obair agus gníomhaíocht an Bhoird.

Le haon bhliain déag anuas, tá Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath chun tosaigh i bhforbairt gnólachtaí beaga agus mionghnólachtaí sa chathair. Cúis mhór leis sin is ea an tacaíocht dhearfach leanúnach atá faighte againn ón Stát (An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta), ón Aontas Eorpach agus ó eagraíochtaí náisiúnta agus áitiúla.

Le blianta beaga anuas, b'éigean do Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath claochlú agus freagairt go solúbtha d'aeráid gheilleagair a bhíonn ag síorathrú. Tar éis dúinn teacht trí thréimhse fáis nach raibh a leithéid riamh ann cheana go dtí tréimhse ina bhfuil geilleagar malltriallach, bíonn an Bord i gcónaí ag freagairt go bunghníomhach chun freastal ar riachtanais a chuid cliant – fiontraithe na Cathrach.

Is iontach an méid atá bainte amach agus a bhfuil cur síos air sa tuarascáil seo agus is féidir é a choimriú mar a leanas:

Cultúr Fiontraíochta a Chur chun Cinn

- An tSraith Léachtaí Gnó 'Get Started'
  - Bhí timpeall ar 200 duine rannpháirteach sna léachtaí agus sna saotharlanna pleanála gnó san earrach agus san fhómhar.
- An Clár Fiontar Scoileanna – bhíomar ag obair le beagnach 30 meánscoil agus 1,500 mac léinn i gceist. Leanamar orainn freisin ag soláthar cainteanna do mhic léinn na hidirbhliana. Bronnadh Gradaim Fiontar Cathrach Mac Léinn Bhaile Átha Cliath sa Mhárta tar éis géariomaíochta.
- Clár 'Dul i nGleic' na Scoileanna – bhí leabhar saothair agus oiliúint inseirbhíse ar fáil le haghaidh múinteoirí, tionscadail ar fáil le haghaidh mac léinn (LCVP, LCP) agus d'eagraigh Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath ócáidí cur i láthair.
- Gradaim Fiontar Cathrach Bhaile Átha – Buaiteoir 2004: Charlotte O'Kelly, TechWorks Marine Ltd..
- Saotharlanna chun Smaointe Gnó a Ghiniúint
  - 9 seisiún lae a raibh 120 duine páirteach iontu.

Comhairle Gnó; Faisnéis agus Oidí

- An pointe teagmhála aonair le haghaidh tacaíochta do ghnólachtaí beaga agus mionghnólachtaí – fuarthas beagnach 3000 fiosrú le linn 2004
- Cuireadh Tacaíocht Réamhfhiontair agus Oidí ar fáil do 155 fiontraí
- Tacaíocht leanúnach do lucht fad-dífhostaíochta
- Comhairle agus faisnéis a sholáthar tríd an suíomh idirlín againn: www.dceb.ie.

Forbairt Bainistíochta

- An Clár Oiliúna um Mná i gCúrsaí Gnó
  2 chlár lenar freastalaíodh ar 30 rannpháirteach
- Gréasán Chathair Bhaile Átha Cliath de Mhná i gCúrsaí Gnó – Cruinnithe agus Gradam
- Clár Plato
  Fuair os cionn 180 cliant oiliúint bainistíochta san 'obair chun tosaigh' faoin gclár seo.

Cúnamh Airgeadais

- Cruthaíodh 38 post lánaimseartha le linn na tréimhse.
- Ceadaíodh €520,500 le haghaidh 47 fiontraí a raibh 33% de inaisíoctha.
- Deineadh Deontas Caipitiúil €200,000, 50% Inaisíoctha, a cheadú agus a íoc le Tionscadal Chúinne na Saoirsí.

Baineadh na torthaí sin go léir amach le dianobair agus tiomantas eagraíochtaí agus daoine aonair éagsúla a thacaíonn leis an bhfiontraíocht áitiúil.

Go háirithe, ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an Rannóg Fiontar Áitiúil sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, le comhaltaí an Bhoird agus an Choiste Measúnachta agus, go háirithe, le foireann an Bhoird as an obair dhian a dheineadar, agus as an tiomantas, an díograis agus an dílseacht ar fheabhas a léiríodar.

Dar ndóigh, d'éirigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Gerry Macken, as i mí Iúil. Ba mhaith leis an mBord ár mbuíochas a chur in iúl don Uasal Macken as na blianta seirbhíse tiomantais a thug sé don Bhord agus ár ndea-ghuí a chur in iúl dó leis an saol oibre nua atá roimhe sa todhchaí.

Greg Swift
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Pádraig Ó Loingsigh
An Cathaoirleach

Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath Teoranta, Athbhreithniú ar 2004

Fordhearcadh

Tharla roinnt forbairtí le linn 2004 a raibh tionchar acu ar thodhchaí Bhord Fiontar na Cathrach, eadhon:

1. Tuarascáil Mhic Ghiolla Phádraig – faoi Ról na mBord Fiontar Pobail i bhForbairt Mionfhiontar. Pléadh é sin ag Cruinniú an Mheithimh den Bhord agus tá an tuarascáil an-dearfach ó thaobh éifeacht BFP.

2. Acht na dTeangacha Oifigiúla 2001 (le héifeacht, Bealtaine 2004). Is é an príomhchuspóir atá leis an Acht sin ná a chinntiú go mbeidh teacht níos fearr ar sheirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge agus go mbeidh caighdeán is airde ar na seirbhísí sin. Tá Bord Fiontar na Cathrach tar éis tosú ar a phríomhdhoiciméid a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla.

Bliain an-bhroidiúil agus an-bhríomhar don Bhord ab ea 2004, an cúigiú bliain den Chlár Oibríochta do Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (2000-2006). Ba í seo an tríú bliain iomlán d'fheidhmiú na dtreoirlínte nua incháilitheachta don Idirghabháil Roghnach Airgeadais, Fobheart 1, agus bhí easnamh 2% go dtí 33% ar an mBord lena chuóta inaisíocaíochta 35% faoin mbeart sin.

Le linn na tréimhse, laghdaíodh maoiniú Forbartha Fiontraíochta agus Cumais an Bhoird:

2003 @ €374,312
2004 @ €312,041

Laghdaíodh an maoiniú Idirghabhála Roghnaí Airgeadais:

2003 @ €674,922
2004 @ €505,714

Le linn na tréimhse, méadaíodh buiséad riaracháin an Bhoird:

2003 @ €332,010
2004 @ €359,825.

Leis na hacmhainní sin, bhí ar chumas an Bhoird arís raon leathan tacaí comhiomlánaithe a sholáthar d'fhiontraithe agus lucht gnólachtaí beaga na Cathrach. Ina theannta sin, leanamar orainn ag forbairt agus ag neartú ár gcaidrimh leis na buíonta iomadúla éagsúla tacaíochta fiontar atá ag feidhmiú sa chathair agus táimid ag leanúint ar aghaidh lenár ról gníomhach i bhforbairt an gheilleagair áitiúil ar fud na cathrach.

Roinn 1 Cultúr Fiontraíochta a Chur chun Cinn

1.1 An tSraith Léachtaí Gnó *Get Started*

Mar a dhein blianta eile, chomhoibrigh an Bord le Leabharlanna Poiblí Bhaile Átha Cliath i seachadadh na sraithe léachtaí seo a bhfuil an-tóir ag an bpobal orthu. Le linn na bliana, dheineamar dhá shraith seimineár a sheachadadh faoi phleanáil gnó (earrach agus fómhar) agus leanamar iad sin le saotharlanna lae. San iomlán, d'fhreastail 146 duine ar na cainteanna sin.

Bhí sé de phribhléid againn i mbliana gurbh í úinéir, bunaitheoir agus stiúrthóir bainistíochta 2Cool Design, Titta Isokourtti, a sheol Sraith an Fhómhair. Thug sí cur i láthair an-bhríomhar ar fhorbairt a gnó, a bhfuil an-rath air.

1.2 Fiontraíocht Scoileanna

Arís, d'éirigh thar barr le clár na bliana, bunaithe ar an rath a bhí ar an gclár blianta eile. Ghlac seacht scoil déag sa chathair páirt ann agus bhí os cionn 1,500 mac léinn páirteach. I mbliana, bhí an LeasArd-Mhéara, An Comhairleoir Deirdre Ní Éanaí, ina dteannta chun na duaiseanna a bhronnadh ar bhuaiteoirí na gcatagóirí éagsúla.

Buaiteoirí na Cathrach:	**An Buaiteoir**	**An Dara hÁit**
Sóisearach	Teach an Mhainéir	Coláiste Naomh Doiminic
Idirmheánach	Coláiste Loreto	Scoil Phádraic an Átha Ghainimh
Sinsearach	Coláiste Alsandra	Coláiste Loreto

Dhein na sé thionscadal sin ionadaíocht ghradamúil thar ceann na cathrach sna babhtaí ceannais náisiúnta.

Leanamar orainn i mbliana ag cur i bhfeidhm Bheart Dul i nGleic Fiontraíochta an Bhoird. Áis seomra ranga do mhúinteoirí fiontraíochta is ea é sin. Cé go raibh an tionscnamh nua seo mall go leor ag tosú, shocraigh an Bord roinnt cur i láthair sna seomraí ranga.

An Buaiteoir Sinsearach – Coláiste Alsandra

Buaiteoir Ghradam Mhairéad Uí Fhearghaíl – Coláiste Pháirc an Átha Ghainimh

1.3 Gradaim Fiontar Cathrach Átha Cliath / Náisiúnta

Ba í Charlotte O'Kelly, as TechWorks Marine Ltd, cuideachta nua nuála i lár na cathrach atá suite in Ionad Nuála na nDugthailte, buaiteoir 2004 'Gradam Dhonncha Uí Challaráin don Fhiontraíocht'. Ina dhiaidh sin, bhuaigh TechWorks Marine Ltd. an gradam teicneolaíochta ag na Gradaim Fiontar Náisiúnta.

Patrick Lynch, Cathaoirleach an Bhoird Fiontar, ar chlé, ag na Gradaim Fiontar Náisiúnta le TechWorks Marine Ltd. a bhuaigh an gradam teicneolaíochta.

1.4 Seimineáir chun Smaointe Gnó a Ghiniúint

Le linn 2004, dhein an Bord naoi seimineár lae a sheachadadh lenar díríodh ar na gnéithe go léir a bhaineann le fiontar nua a thosú agus a bhainistiú. D'fhreastail 140 fiontraí dóchasacha ar na seimineáir.

Rannpháirtigh sa Seimineár chun Smaointe Gnó a Ghiniúint in Ionad Fiontraíochta Mhic Aonghusa

Roinn 2 Faisnéis Ghnó agus Oidí a Sholáthar

2.1 An Pointe Teagmhála Aonair

Tá oifig an Bhoird in 17 Sráid Iústáis bunaithe go maith anois mar an príomhionad tacaíochta do ghnólachtaí beaga agus do mhionghnólachtaí sa chathair.

Dáileadh os cionn 3,000 beart faisnéise ar chliaint ionchasacha le linn 2004.

Tá na leibhéil gníomhaíochta ag ardú i gcónaí agus, le forbairt ár n-oifigí méadaithe, is féidir le cliaint agus oidí bualadh le chéile san áitreabh.

Tá na háiseanna teicneolaíochta faisnéise is nua-aimseartha dá bhfuil ar fáil lonnaithe ar an urlár uachtarach agus is ionad sármhaith é le haghaidh na hoiliúna agus le haghaidh mionseimineár, agus úsáidtear chuige sin go rialta é. Bronnadh stádas creidiúnaithe Cheadúnas Tiomána Ríomhaire na hEorpa (CTRE) ar an seomra oiliúna ríomhaire, Lúnasa 2001, agus cuirtear cúrsaí oiliúna CTRE ar fáil ann i gcónaí.

2.2 Tacaíocht Réamhfhiontair

Sa bhliain 2004, lean an fás ar aghaidh ar líon na gcásanna tacaíochta fiontar faoin mbeart seo. Le linn na tréimhse, fuair 150 fiontraí cúnamh duine-le-duine ó mheitheal comhairleoirí gairmiúla gnó an Bhoird. Tá leibhéil arda sásaimh cliant ag baint leis an tacaíocht seo agus tá feabhas suntasach ar na pleananna gnó a chuirtear faoi bhráid an Bhoird dá bharr.

Ina theannta sin, reachtáladh saotharlanna leis na hoidí chun smaointe agus tuairimí a mhalartú i dtaobh conas a d'fhéadfaí an tseirbhís an-luachmhar seo a fheabhsú. Reachtáil an Bord seimineár dhá lá ar "Airgeadas agus Réamh-Mheastacháin", dírithe go sonrach ar na hoidí. Bhí tinreamh maith ann agus dúirt na hoidí gur spéis leo dul ar aghaidh leis na seisiúin seo chun a bhforbairt ghairme leanúnach a choimeád sa tsiúl.

Is go mór a chabhraíonn an Gréasán Oidí, atá an-ghníomhach, leis an gclár reatha.

Roinnt comhaltaí de Mheitheal Oidí an Bhoird, ó chlé: Brian Davitt agus Gerry Lawlor.

2.3 Oidí

Le linn 2004, bhain cúigear cliant de chuid an Bhoird leas as an tseirbhís seo, atá dírithe go sonrach ar na cliaint reatha sin de chuid an Bhoird a bhfuil comhairle agus saineolas gnó atá sonrach de dhíth orthu. Ar na hábhair ar pléadh leo, bhí margaíocht, rialú costas, bainistiú airgid thirim agus pleanáil straitéiseach.

Ina theannta sin, leanadh ar aghaidh sa bhliain 2004 lenár gclár nua Oidí Straitéiseacha chun maoirsiú a dhéanamh ar ár gcomhad infheistíochta scaireanna tosaíochta agus tacú leis, agus is comhad é sin atá ag fás i gcónaí.

2.4 Tacaíocht do Lucht Fad-dífhostaíochta

Mar chuid de thiomantas leanúnach an Bhoird do lucht fad-dífhostaíochta, tacaíonn an Bord i gcónaí le Clár Oiliúna Réamhfhiontair Ionad Uí Lorcáin. Léiríonn an clár seo go soiléir gur féidir le fiontraithe i measc an luchta sin gnólachtaí inmharthana a bhunú agus a bhainistiú ach an beart cuí tacaí a bheith ar fáil dóibh. Cuireadh leis an gclár i mbliana chun Lár na Cathrach ar fad a áireamh agus bhí Ionad Acmhainní an Fhuaráin agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh páirteach ann.

2.5 An Suíomh Idirlín (www.dceb.ie)

Le linn 2004, leanamar orainn ag uasdátú agus ag modhnú ár suímh idirlín. De réir Polasaí an Rialtais, táimid ag leanúint ar aghaidh le soláthar ár gcuid seirbhísí i leagan amach leictreonach. Is féidir teacht ar ár gcláracha agus ár gcúrsaí go léir tríd an líonra anois.

Mar a luadh cheana, tá an obair ar siúl i gcomhair na bliana 2005 chun go mbeidh an fhaisnéis ar an suíomh ar fáil as Gaeilge.

Roinn 3 Cúnamh Airgeadais

Íocaíochtaí Deontas:

Le linn 2004, fuair an Bord 111 iarratas fhoirmeálta ar dheontais, agus cheadaigh an Bord 47 díobh le haghaidh tacaíochta.

Ba é iomlán na ndeontas a ceadaíodh ná €520,500, ar a raibh:

- €132,000 – 20 Deontas Fostaíochta
- €335,000 - 12 Dheontas Caipitiúla
- € 53,500 - 15 Dheontas Staidéir Féidearthachta
- Níor ceadaíodh aon Scair Tosaíochta
- Le linn na tréimhse, ceadaíodh 38 bpost lánaimseartha nua.

Den mhéid iomlán a ceadaíodh, bhí €343,000 i bhFoirm Inaisíoctha, figiúr is ionann agus 66% den cheadú iomlán agus is airde ná sprioc na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de 31% é sin.

Roinnt de na tionscadail ar thacaigh an Bord leo sa bhliain 2004

Tionscadal Chúinne na Saoirse, Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada – Deontas Caipitiúil €200,000

Donna Rossi – Montessori Ascaill Lorcáin – Deontas Caipitiúil €10,000



Alwyn Gillespie, Scoil Ealaíne Botanic – Deontas Caipitiúil €5,000

Joe Fitzmaurice, Bácús Saincheirde – Deontas Caipitiúil €12,000

Roinn 4 Forbairt Bainistíochta

Réamhrá

Le blianta beaga anuas, tá an Bord tar éis roinnt cláracha forbartha bainistíochta atá dírithe go sonrach ar riachtanais an fhiontraí a fhorbairt agus a sheachadadh. Tá na múrtha fáilte curtha roimh na cláracha sin agus táid tar éis cur go mór le cumas bainistíochta ár gcliant.

Le linn 2004, sheachaid an Bord roinnt cláracha (féach thíos) ina sheomra oiliúna feistithe in 17 Sráid Iústáis ag a bhfuil stádas creidiúnaithe CTRE.

4.1 Teicneolaíocht Faisnéise

Mar chuid dár sainchuspóir chun ár gcuid cliant a spreagadh chun an nuatheicneolaíocht a ghlacadh, d'fhorbair an Bord roinnt cúrsaí sa réimse sin. D'éirigh go han-mhaith leis na cúrsaí sin agus tá éileamh orthu i gcónaí toisc go mbraitear gur mór an tairbhe do na rannpháirtigh iad:

(i) **Ceadúnas Tiomána Ríomhaire na hEorpa (2 Chúrsa)**
CTRE – 10 rannpháirteach

(ii) **Cuntais Ríomhairithe do Ghnólachtaí Beaga (4 Chúrsa)**
TAS Books – 30 rannpháirteach

4.2 Clár Plato

Tar éis dúinn measúnú rathúil a dhéanamh ar an gclár roimhe sin sa bhliain 2003, seoladh dhá chlár nua i dtuaisceart agus i ndeisceart na cathrach i gcomhar leis na Boird in aice linn i bhFine Gall agus i nDún Laoghaire.

Bhí rath ar an dá chlár sin i gcónaí sa bhliain 2004 agus, idir Plato Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus Plato Chathair Átha Cliath agus Dhún Laoghaire / Ráth an Dúin, tá os cionn 180 mionghnólacht ag fáil diantacaíochta i gcúrsaí forbartha bainistíochta uainn agus ag baint leas as seimineáir gréasánaithe.

Céimithe de chuid Chlár Gréasáin Plato

4.4 An Clár um Mná ag Tosú i gCúrsaí Gnó

Chun a chinntiú go mbeidh mná rannpháirteach i gcúrsaí gnó i gcónaí, sheachaid an Bord dhá chlár um mná i gcúrsaí gnó a raibh an-rath orthu agus ghlac 26 ban páirt i ndianchlár le linn earrach agus fómhar 2004.

Ina theannta sin, le linn 2004, lean an Bord lena Ghréasán de Mhná i gCúrsaí Gnó agus d'fhreastail os cionn 40 bean ar na cruinnithe míosúla. D'eascair an tionscnamh seo as éileamh ag céimithe an Chláir Forbartha Gnó ar theastaigh uathu leanúint ar aghaidh lena bhforbairt ghairme tríd an gcleachtas is fearr a chomhroinnt agus tríd an ngréasúnú.

Rannpháirtigh sa Chlár um Mná ag Tosú i gCúrsaí Gnó

BORD FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH TEORANTA

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2004

BORD FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH TEORANTA

AN CLÁR **LCH.**

COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA	2
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS RÁITEAS I dTAOBH FREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ	3-6
RÁITEAS I dTAOBH AN CHÓRAIS RIALAITHE AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH	7
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	8
RÁITEAS I dTAOBH POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA	9
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	10
AN CLÁR COMHARDAITHE	11
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	12-17

BORD FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH TEORANTA

COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Comhaltaí an Bhoird:	Pat Lynch (Cathaoirleach) Des Bonass Frank Walsh Frank Magee Kate O'Sullivan David O' Halloran An Comhairleoir Killian Forde An Comhairleoir Bronwen Maher An Comhairleoir Naoise Ó Muirí An Comhairleoir Julia Carmichael Hugh O'Rourke Denise Brophy Seán Carey
Rúnaí:	Greg Swift
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:	Greg Swift
An Oifig Chláraithe:	17 Sráid Iústáis, Baile Átha Cliath 2.
Na hIniúchóirí:	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Teach an Chisteáin, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2.
Na Baincéirí:	Banc na hÉireann, 2 Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2.

BORD FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH TEORANTA

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS RÁITEAS I dTAOBH FREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ – AR LEAN.

Forbairtí Tábhachtacha sa bhliain 2004

- 2004: bhí an cúigiú bliain den Chlár Oibríochta do Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (2000-2006) ina bliain bhríomhar bhroidiúil don Bhord. Ba í sin an tríú bliain iomlán d'fheidhmiú na dtreoirlínte nua incháilitheachta don Idirghabháil Roghnach Airgeadais, Fobheart 1, agus bhí an Bord 1.86% gann ar an gcuóta inaisíocaíochta 35%.

- Le linn na tréimhse, laghdaíodh Maoiniú Fiontraíochta agus Forbartha Cumais an Bhoird ó €374,312 sa bhliain 2003 go dtí €312,041 sa bhliain 2004. Laghdaíodh an Maoiniú Idirghabhála Roghnaí ó €674,922 sa bhliain 2003 go dtí €505,714 sa bhliain 2004.

- Leis na hacmhainní sin, bhí ar chumas an Bhoird arís raon tacaí comhiomlánaithe gnó a sholáthar d'fhiontraithe agus do lucht mionghnó na Cathrach. Ina theannta sin, leanamar orainn ag forbairt agus ag neartú ár gcaidrimh leis na buíonta iomadúla éagsúla tacaíochta fiontar atá ag feidhmiú sa chathair agus leanamar orainn freisin lenár ról gníomhach san fhorbairt áitiúil ar fud na cathrach.

- I rith na bliana, d'eagraigh agus sheachaid an Bord roinnt cláracha agus gníomhaíochtaí éagsúla dá chuid cliant:

  - I gcomhar le Seirbhís Leabharlainne na Cathrach, seachadadh dhá shraith de 6 cinn de Léachtaí Pleanála Gnó le linn 2004. D'fhreastail 180 duine ar na cainteanna sin.
  - D'eagraíomar agus dheineamar bainistiú ar an Scéim Gradam Fiontar Cathrach Mac Léinn Bhaile Átha Cliath (11 scoil, 900 rannpháirteach).
  - Leanadh leis an gClár Dul i nGleic Scoile, Clár Fiontraíochta Dara Leibhéal.
  - D'oibríomar go dlúth le Coláistí Tríú Leibhéal agus le hOllscoileanna na Cathrach.
  - Ba é Novara Information Technology Ltd buaiteoir Ghradam Dhonncha Uí Challaráin 2004.
  - Bhí os cionn 182 rannpháirteach ag na Seimineáir chun Smaointe Gnó a Ghiniúint (seacht lá) a d'eagraíomar.
  - Ghlac an Bord páirt sa chomórtas *Shell Live Wire*.
  - Cuireadh seirbhís iomlán Tacaíochta Réamhfhiontair (75 gcás) agus Oidí (5 gcás).
  - Thacaíomar le hIonad Uí Lorcáin do Dhaoine Dífhostaithe mar chuid dár dtiomantas don earnáil fhíorthábhachtach sin.
  - Leanamar le huasdátú agus forbairt ár suímh idirlín www.dceb.ie.

BORD FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH TEORANTA

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS RÁITEAS I dTAOBH FREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ

Tá áthas ar na Stiúrthóirí a dTuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Iniúchta Airgeadais na cuideachta don bhliain 1 Eanáir 2004 go 31 Nollaig 2004 a chur i láthair.

Corprú agus Oibríochtaí

Deineadh an chuideachta, Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath Teoranta, a chorprú an 14 Márta 1995 mar chuideachta atá teoranta le ráthaíocht agus gan aon scairchaipiteal aici, tar éis di oibríochtaí a thosú ar bhonn *de facto*, Meán Fómhair 1993.

Príomhghníomhaíochtaí

Tá Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath ar cheann de chúig cinn is tríocha de na Boird seo ar fud na tíre a bhunaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi Acht na gCuideachtaí 1963, agus tacaíocht reachtúil acu faoi Alt 10 den Acht um Fhorbairt Tionscail 1995. Is é Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath limistéar freagrachta riaracháin an Bhoird.

Is é príomhchuspóir an Bhoird ná an fhorbairt eacnamaíoch agus cruthú postanna inmharthana a chur chun cinn ag leibhéal gnólachtaí beaga agus mionghnólachtaí sa chathair tríd na nithe seo a leanas:

- plean gníomhaíochta fiontar a fhorbairt lena gcuirtear san áireamh ábhar nirt agus laigí na cathrach agus bearnaí agus réimsí fáis a aithint a ndírítear orthu ar shlí bhunghníomhach, chórasúil agus inchainníochtúil.
- feasacht fiontar áitiúil a chruthú agus cultúr fiontraíochta a fhorbairt i measc an phobail.
- faisnéis úsáideach, thráthúil agus chuí a sholáthar d'fhiontraithe reatha agus do dhaoine ar mian leo a bheith ina bhfiontraithe in ionad cairdiúil áisiúil.
- tacaíocht deontas a sholáthar do dhaoine aonair agus do bhuíonta chun fiontair atá inmharthana ó thaobh tráchtála de a bhunú nó a mhéadú, agus cruthú postanna inmharthana a bheith mar thoradh.
- comhairle agus forbairt bainistíochta a sholáthar d'fhiontraithe chun cur lena bhforbairt agus lena n-inmharthanacht leanúnach agus cabhrú leo teacht slán.

Féadfaidh an Bord cúnamh a thabhairt do thionscadail reatha nó do thionscadail nua nach mó ná €127,000 a n-infheistíocht chaipitiúil agus nach mó ná deichniúr an tairseach fostaíochta iontu. Maoinítear an Bord as an Státchiste agus as cistí an Aontais Eorpaigh faoin gClár Oibríochta do Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (2000-2006), atá á reachtáil faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

- Tacaíocht leanúnach do Chláracha Plato i gcomhar le Boird Fiontar Contae Fhine Gall, Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire /Ráth an Dúin.
- Cláracha forbartha bainistíochta éagsúla a sholáthar ar a n-áirítear mná i gcúrsaí gnó, cúram leanaí agus ceardaíocht, a raibh teicneolaíocht faisnéise agus cuntais ríomhairithe mar chuid de.
- Sa bhliain 2004 seoladh an Gréasán de Mhná i gCúrsaí Gnó de chuid an Bhoird.

- Le linn 2004, fuair an Bord 139 iarratas fhoirmeálta ar dheontais. De na hiarratais sin, ceadaíodh 47 arbh é a luach iomlán €520,500; ba Dheontais Fostaíochta iad 18 díobh arbh é a luach iomlán €120,000, ba Dheontais Chaipitiúla 12 díobh arbh é a luach iomlán €335,000 agus ba Dheontais Staidéir Féidearthachta iad 15 arbh é a luach iomlán €53,000. Den mhéid iomlán a ceadaíodh bhí €172,500 i bhfoirm inaisíoctha (33%), figiúr atá gann beagáinín beag ar spriocanna 35% na Roinne de 2%.
- Le linn na tréimhse, ceadaíodh 41 post nua lánaimseartha.
- Le linn 2004, bhí ról an-dearfach ag an mBord san Fhorbairt Áitiúil trína rannpháirteacht i dtionscnaimh mar HARP (Tionscadal Athnuachana Limistéar Stairiúil), ROUND (Tuaisceart Uirbeach Átha Cliath a Athnuachan), Pleananna Gníomhaíochta Limistéar Comhiomlánaithe éagsúla agus Conair Gheilleagair Bhaile Átha Cliath–Béal Feirste.
- Le linn 2004, stiúraigh an Bord athbhreithniú mionsonraithe ar chliaint a fuair cabhair deontais idir 1997 agus 2002 agus léirigh na torthaí go raibh na gnólachtaí sin ag fás leo go rathúil agus go raibh ardleibhéil fostaíochta agus infheistíochta acu.
- Le linn 2004, phléigh an Bord le breis is 2000 fiosrú agus dháil os cionn 3,500 bróisiúr agus beart faisnéise.

Torthaí

Tá torthaí na cuideachta leagtha amach sna Ráitis Airgeadais agus sna nótaí a bhaineann leo.

Forbairtí sa Todhchaí

Le linn na bliana 2005, leanfaidh an Bord ar aghaidh:

- ag soláthar raon tionscnamh forbartha cultúir fiontraíochta dóibh siúd ar mian leo gnó a thosú agus don earnáil oideachais
- lena sheirbhísí tacaíochta le haghaidh fiontar beag sa chathair trína sheirbhís oidí agus trína sheirbhís scileanna forbartha bainistíochta
- ag seachadadh beart eile tacaíochta airgeadais chun cothromas agus iasachtaí / deontais inaisíoctha a áireamh agus ag cur feabhais ar chaighdeán agus méid na dtionscadal nua
- ag soláthar tacaíochta do chuideachtaí ar mian leo allmhairiú a dhéanamh agus tráchtáil a dhéanamh ar an líonra
- ag déanamh taighde ar riachtanais agus fachtóirí ríthábhachtacha ráthaíochta ghnólachtaí a chliant
- ag tabhairt aird, faoi réir tacaíocht leanúnach a bheith ann ón Roinn, ar fhadhb an easnaimh maidir le spás oiriúnach inacmhainne fiontair laistigh den chathair, go háirithe i gcomhthéacs praghsanna na talún agus na maoine a bheith ag éirí i dtreo na spéire i gcónaí
- ag cur i bhfeidhm agus ag seachadadh seirbhís ríomhthráchtála dá chuid client, agus leas mór a bhaint as an suíomh idirlín chuige sin

Sláinte agus Sábháilteacht

Is é polasaí an Bhoird ná sláinte agus sábháilteacht a chuid fostaithe a chinntiú trí áit shábháilte agus córas sábháilte oibre a chothabháil. Comhlíonadh an polasaí seo, atá leagtha amach sa Ráiteas Sábháilteachta is gá a thabhairt de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989, le linn na bliana.

BORD FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH TEORANTA

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS RÁITEAS I dTAOBH FREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ – AR LEAN.

Na hIniúchóirí

Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste freagrach as an iniúchadh ar an mBord de réir Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Ráiteas i dtaobh Freagrachtaí Stiúrthóirí

Tá ceangal ar stiúrthóirí, de réir an dlí cuideachta, ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais lena dtugtar dearcadh fíor agus cóir ar staid cúrsaí na cuideachta agus ar an ioncam agus ar an gcaiteachas don tréimhse sin. Agus iad ag ullmhú na ráiteas sin, tá ceangal ar na Stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach;
- breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin go bhfuil an bonn sin míchuí;
- a insint ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhartha uathu sin a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chearta chuntais a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach seasamh airgeadais na cuideachta aon tráth agus lena gcumasaítear dóibh a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí 1963 to 2005. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a fhionnadh.

Leabhair Chuntais

Chun a chinntiú go bhfuil leabhair agus taifid chuntasaíochta chuí á gcoimeád de réir Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990, fostaíonn an chuideachta seirbhísí gnólachta cuntasóirí cáilithe agus coimeádann córais chuntasaíochta chuí. Tá na leabhair chuntais in oifig chláraithe na cuideachta.

Pádraig Ó Loingsigh.

An Cathaoirleach

Stiúrthóir

Dáta: 22/09/05

BORD FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH TEORANTA

RÁITEAS I dTAOBH AN CHÓRAIS RIALAITHE AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath, aithním go bhfuil freagracht orainn as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnach seachas iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go ndéanfaí iad a fhionnadh in am trátha.

Nósanna Imeachta Rialaithe Ríthábhachtacha
Tá bearta glactha ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí ann

- trí shainmhíniú soiléir a dhéanamh ar fhreagrachtaí bainistíochta
- trí nósanna imeachta foirmeálta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú

Tá córas an rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin ar a n-áirítear dualgais a scarúint, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann go háirithe

- córas cuimsitheach buiséadaithe ina mbíonn buiséad bliantúil arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag an mBord Stiúrthóirí
- athbhreithnithe rialta ag an mBord Stiúrthóirí ar thuarascálacha airgeadais, idir thréimhsiúil agus bhliantúil, lena dtugtar tásc ar an bhfeidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- spriocanna a leagan amach chun an fheidhmíocht, idir airgeadas agus eile, a mheas.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath (baintear leas as Aonad Iniúchta Inmheánaigh Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath) a fheidhmíonn de réir an chóid cleachtais le haghaidh rialtóireacht comhlachtaí stáit. Dlúthchuid den obair iniúchta inmheánaigh is ea anailís ar an bpriacal a gcuirtear an comhlacht ann, agus bunaítear pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh ar an anailís sin. Is é an Bord Stiúrthóirí a cheadaíonn an anailís priacail agus na pleananna iniúchta inmheánaigh. Uair in aghaidh na bliana, ar a laghad, soláthraíonn an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil don bhord ar an ngníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Áirítear sa tuarascáil tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh faoi leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Dlúthchuid de mhaoirsiú agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh is ea obair an iniúchóra inmheánaigh, na bhFeidhmeannach laistigh de Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus cothabháil na gcreat rialaithe airgeadais agus na ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe Airgeadais
Dhein an Bord athbhreithniú ar an rialú inmheánach airgeadais sa bhliain 2005 i leith na bliana 2004.

Sínithe thar ceann an Bhoird

Pádraig Ó Loingsigh

An Cathaoirleach
Dáta 22/09/05

DUBLIN CITY ENTERPRISE BOARD LIMITED

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 9 go dtí 17 iniúchta agam faoi Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá freagrachtaí cuntasaíochta na Stiúrthóirí leagtha amach ar leathanach 6. Tá sé d'fhreagracht ormsa tuairim neamhspleách a dhéanamh, bunaithe ar m'iniúchadh, i leith na ráiteas airgeadais a cuireadh i mo láthair agus tuarascáil a fhoilsiú orthu.

Scrúdaím an ráiteas ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais ar leathanach 7 le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Chuideachta treoir infheidhmithe maidir le rialachas corparáideach agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann an Chuideachta amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán iniúchóireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na measatcháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Cuideachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gCuideachta agus gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais, a chomhaontaíonn leo, i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2005, agus tugann siad léargas fíorcheart ar staid chúrsaí Dublin City Enterprise Board Limited ag 31 Nollaig 2004 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanaigh 3 go dtí 6 ag teacht lena bhfuil sna ráitis airgeadais.

Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim chun críoch m'iniúchta.

Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
27 **Meán Fómhair 2005**

BORD FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH TEORANTA

RÁITEAS I dTAOBH POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

1. Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgid ar mhodh an fhabhraithe, de réir Prionsabal Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Forleathan leo agus de réir nósmhaireacht na gcostas stairiúil. Glactar chun feidhme Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais de réir mar a éiríonn siad infheidhme.

2. Sócmhainní Dochta agus Dímheas

Luaitear Sócmhainní Dochta ar a gcostas nó a luach stairiúil lúide dímheas carnaithe. Muirearaítear an dímheas ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais, ar bhonn na líne dírí, de réir na rátaí atá leagtha amach thíos, d'fhonn na sócmhainní, arna gcoigeartú ar mhaithe le luach measta iarmharach, a dhíscríobh i rith an tsaoil úsáide a mheastar a bheidh acu.

Troscán	12½%
Trealamh Oifige	20%

3. Deontais Oireachtais

Tugtar cuntas ar Dheontais Oireachtais ar bhonn fabhraithe.

4. Deontais Iníoctha

Fabhraítear deontais sna ráitis airgeadais nuair atá na deonaithe tar éis coinníollacha sonraithe a chomhlíonadh.

5. Cuntas Caipitiúil

Is é an Cuntas Caipitiúil luach amúchta ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitiúla.

6. Ioncam Iarchurtha

D'fhéadfadh Cúnamh Inaisíoctha a bheith i bhfoirm deontas inaisíoctha nó infheistíochtaí i Scaireanna Tosaíochta nó i nGnáthscaireanna. Ní fhéadfar méideanna a bheidh faighte, le haon ús nó gnóchain san áireamh, a úsáid ach amháin chun tuilleadh íocaíochtaí cúnaimh inaisíoctha a thabhairt faoi Bheart 1. Toisc go mbraitheann aisíocaíochtaí ar fheidhmíocht na bhfiontar, ní chuirtear i gcuntas iad ach amháin nuair a fhaightear iad. Déantar aithint an fháltais sin mar ioncam a iarchur go dtí go ndéantar é a athleithroinnt mar chaiteachas Bheart 1.

BORD FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH TEORANTA

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2004

	Nótaí	2004	2003
		€	€
Ioncam			
Deontais Oireachtais	1	1,157,950	1,418,714
Ciste Faoisimh Ionad Iontaobhas na Life		-	100,000
Ioncam Eile		11,303	9,174
		1,169,253	1,527,888
Aistriú ó / (go) Cuntas Caipitiúil	6	(1,227)	14,330
Iomlán		**1,168,026**	**1,542,218**
Caiteachas			
Cúnamh Airgeadais Roghnach	2	504,814	761,096
Forbairt Fiontraíochta agus Cumais		312,484	342,269
Ciste Faoisimh Ionad Iontaobhas na Life		0	100,000
Riarachán	4	350,728	338,853
Iomlán		**1,168,026**	**1,542,218**
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		-	-

Is cuid de na ráitis airgeadais seo na polasaithe cuntasaíochta maille le nótaí 1 go 11.

Ní raibh aon ghnóchain ná caillteanais ag an mBord sa bhliain airgeadais ná sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas na cinn a bpléitear leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Baineann na torthaí don bhliain le hoibríochtaí leantacha.

Pádraig Ó Loingsigh.

An Cathaoirleach

Stiúrthóir

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 22/09/05

BORD FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH TEORANTA
AN CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR 31 NOLLAIG 2004

	Nótaí	2004 €	2003 €
Sócmhainní Dochta			
Sócmhainní Inláimhsithe	5		34,871
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe		9,674	8,105
Iasachtaí/Deontais Inaisíoctha		0	3,124
Deontais Oireachtais dlite		14,932	22,285
Banc agus Airgead Tirim		197,536	115,898
An tIomlán		222,142	149,412
Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe		29,801	37,778
Ioncam Iarchurtha	3c	192,341	111,634
		222,142	149,412
Glandliteanais Reatha		-	-
Glansócmhainní		36,098	34,871
Maoinithe le:			
Cuntas Caipitiúil	6	36,098	34,871
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		-	-
		36,098	34,871

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas i dtaobh polasaithe cuntasaíochta maille le nótaí 1 to 11.

Padraig Ohoingsigh.

An Cathaoirleach **Stiúrthóir** **An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

Dáta: 22/09/05

BORD FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH TEORANTA

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Maoiniú agus Caiteachas an Bhoird

Fiontraíocht Áitiúil

Le halt 10 den Acht um Fhorbairt Tionscail 1995, foráiltear d'íocaíocht deontas ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta leis an mBord. Cuirtear caiteachas an Bhoird chun feidhme ar bhearta faoin bhFochlár Forbartha Fiontar Áitiúil de Chlár Oibríochta Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2000-2006.

Is iad na bearta atá i gceist ná na cinn seo a leanas:
Beart 1 – Cúnamh Airgeadais Roghnach
Beart 2 – Forbairt Fiontraíochta agus Cumais

2. Cúnamh Airgeadais Roghnach

Tugann an Bord tairiscintí ar chúnamh deontais a fhanann, má ghlactar leo, bailí mar thiomantais de chuid an Bhoird go ceann tréimhse sonraí nó sna himthosca a shonraítear tráth an cheadaithe

Ba é an glantiomantas iomlán a údaraíodh i ndáil leis an mBord don bhliain 2004 ná €505,714.
D'eascair tiomantais reatha an Bhoird ar 31 Nollaig 2004 mar a leanas:

2. Cúnamh Airgeadais Roghnach (ar leanúint)

		Deontais	Cúnamh Inaisíoctha	Deontais Scaireanna Tosaíochta	2004
		€	€	€	€
Tiomantais ar 1 Eanáir 2004		222,502	21,000	52,538	296,040
Ceaduithe		343,000	177,500	-	520,500
		565,502	198,500	52,538	816,540
Díthiomantais	- Ceaduithe 2004	(10,336)	-	-	(10,336)
	- Ceaduithe réamh2004	(59,793)	(11,500)	-	(71,293)
		495,373	187,000	52,538	734,911
Caiteachais		(324,617)	(130,197)	(50,000)	(504,814)
Tiomantais ar 31 Nollaig 2004		170,756	56,803	2,538	230,097

Séard atá sa chaiteachas €504,814 ná €272,852 i nDeontais Chaipitiúla, €121,500 i nDeontais Fostaíochta, €60,462 i nDeontais Staidéir Féidearthachta agus €50,000 i Scaireanna Tosaíochta.

Ba mar a leanas na tiomantais reatha ar 31 Nollaig 2004:

	€
Roimh 31 Nollaig 2003	-
Tar éis 1 Eanáir 2004	230,097

3a. Infheistíochtaí

Ba é an méid a infheistíodh ar mhodh scaireanna tosaíochta ná €894,079 ar 31 Nollaig 2004. Toisc nach féidir measúnacht chruinn a dhéanamh ar luach na scaireanna sin, luach a bhraitheann ar fheidhmíocht na bhfiontar, níl caipitliú déanta ar na scaireanna sin ar an gClár Comhardaithe. Cuirtear díbhinní, ús agus aisíocaíochtaí a fuarthas i gcuntas ar bhonn airgid thirim. Ní féidir leis an mBord Fiontar an fáltas sin a úsáid ach amháin chun deontais eile a mhaoiniú.

Le linn na bliana, fuasclaíodh Scaireanna Tosaíochta i gceithre fhiontar ar chomaoin €68,026. Taifeadadh an méid sin mar ioncam iarchurtha.

Bhí na hinfheistíochtaí seo a leanas ag an mBord ar 31 Nollaig 2004:

Ainm na Cuideachta	An Cineál Scaire	Líon 2004	Líon 2003
Medicom T/A Landar Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	8,888	13,967
I.T. Force Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	16,798	50,396
Sean McGarry Internet Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	17,142	24,760
New Look Interiors Ltd	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	44,441	44,441
Comms on-line Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	44,441	44,441
Viking Splash Tours Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	38,106	47,632
Quality First Ltd	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	105,709	111,209
Foxrock Food Co.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	38,092	38,092
Digital Publishing Innovations Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	38,092	38,092
Asthma Friendly products Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	50,790	50,790
Bretzel Bakery Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	50,790	50,790
Real Food at home Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	0	50,000
Temperature Controlled Pharmaceuticals Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	60,000	60,000
OPEN Financial Services Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	30,000	30,000
Gallagher's Chocolates Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	50,000	50,000
Diamond Glass Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	50,790	50,790
Interactive Return Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	60,000	60,000
Dieco Design Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	50,000	50,000
Colm de Ris Pottery Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	40,000	40,000
Techworks Marine Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	50,000	50,000
Novara Technology Ltd.	5% Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte	50,000	50,000
		894,079	1,005,400

Déanann an Bord athbhreithniú ar infheistíochtaí, agus nuair is dóigh leis nach dócha go ndéanfar an infheistíocht a aisíoc, cinnfidh an Bord an méid sin a dhíscríobh. Ag an gcruinniú Boird ar an 19 Deireadh Fómhair 2004, chomhaontaigh an Bord Stiúrthóirí Scaireanna Tosaíochta €50,000, arna n-infheistiú in Real Food at Home, a dhíscríobh de dheasca deacrachtaí trádála.

3b. Cúnamh Deontais Inaisíoctha	2004 €	2003 €
Comhardú ar 1 Eanáir	223,149	86,854
Eisíodh sa bhliain	130197	137,000
Aisíocadh sa bhliain	(12,681)	(705)
Comhardú ar 31 Nollaig	340,665	223,149
Dlite laistigh de 12 mhí	42,423	26,529
Dlite tar éis 12 mhí	298,242	196,620
	340,665	223,149

Toisc go mbraitheann an aisíocaíocht ar fheidhmíocht na bhfiontar, ní áirítear an méid atá amuigh mar shócmhainn ar an gClár Comhardaithe. Cuirtear aisíocaíochtaí a fhaightear i gcuntas ar bhonn airgid thirim. Ní féidir leis an mBord Fiontar an fáltas sin a úsáid ach amháin chun deontais eile a mhaoiniú i bhfoirm cúnaimh inaisíoctha.

3c. Athleithroinnt Fáltais Cúnaimh Inaisíoctha		2004 €	2003 €
Comhardú an fháltais cúnaimh inaisíoctha ar láimh ar 1 Eanáir		(111,634)	(35,544)
Íocaíochtaí cúnaimh inaisíoctha ar deineadh airleacan orthu as ioncam iarchurtha		Faic	Faic
Fáltas cúnaimh inaisíoctha:	Aisíocaíochtaí – Scaireanna Tosaíochta	(69,116)	(29,477)
	Aisíocaíochtaí – Cúnamh Deontais Inaisíoctha	(12,681)	(705)
	Ús/Díbhinní	(6,705)	(6,974)
Comhardú an fháltais cúnaimh inaisíoctha ar láimh ar 31 Nollaig		(192,341)	(111,634)

Déanann an Bord athbhreithniú ar iarmhéideanna atá dlite agus nuair is dóigh leis nach dócha go mbeidh aisíocaíocht ann chinneann an Bord díscríobh a dhéanamh ar an méid sin. Níor díscríobhadh aon mhéid sa bhliain 2004.

4. Riarachán	2004 €	2003 €
Tuarastail agus pá – eile	198,656	217,953
Cóiríocht – cíos	28,950	28,734
Dímheas	16,325	17,134
Taisteal agus costais ilghnéitheacha foirne	10,160	10,443
Cuntasaíocht	5,052	7,476
Guthán	8,209	7,582
Costais clódóireachta agus stáiseanóireachta agus ríomhairí	16,648	8,152
Ilghnéitheacht	26,114	8,438
Glantachán	8,570	7,719
Solas agus téamh	4,869	3,655
Postas agus teachtairí iompair	2,918	3,243
Táille iniúchóireachta	4,600	4,375
Léas	958	2,875
Rátaí – Bardas Átha Cliath	3,354	2,763
Árachas	6,577	5,568
Costais cruinnithe	333	99
Muirir bhainc	304	245
Cothabháil Oifige	5,753	-
Oiliúint foirne	2,378	2,400
	350,728	338,854

5. Sócmhainní Dochta

	Troscán	Trealamh	Iomlán
	€	€	€
Costas ar 1 Eanáir 2004	43,301	138,784	182,085
Breisithe	3,718	13,834	17,552
Comhardú ar 31 Nollaig 2004	47,019	152,618	199,637
Comhardú carnaithe dímheasa ar 1 Eanáir 2004	25,028	122,186	147,214
Muirear dímheasa don bhliain	2,890	13,435	16,325
Comhardú ag 31 Nollaig 2004	27,918	135,621	163,539
Glanluach leabhair ar 1 Eanáir 2004	18,273	16,598	34,871
Glanluach leabhair ar 31 Nollaig 2004	19,101	16,997	36,098

6. Cuntas Caipitiúil

	2004 €	
Comhardú ar 1 Eanáir 2004		34,871
Aistriú (go)/ó Ioncam agus Caiteachas:		
Cistí a leithroinneadh chun sócmhainní dochta a fháil	17,552	
An méid a amúchadh de réir dímheasa	(16,325)	
		1,227
Comhardú ar 31 Nollaig 2004		36,098

7. Cánachas

Níl aon fhoráil déanta le haghaidh cánachais sna ráitis airgeadais.

8. Luach Saothair Fostaithe

Ba é €198,656 costais luach saothair an Bhoird agus tá an méid sin muirearaithe sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar a leanas:

	2004	2003
	€	€
Riarachán	198,656	217,953
	198,656	217,953

Ba é meánlíon na foirne le linn na tréimhse ná cúigear. Tá an fhoireann go léir ar fostú ar bhonn iasachta ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

9. Aoisliúntas

Ní oibríonn an Bord scéimeanna aoisliúntais. Déantar tuarastail foirne ar iasacht a aisíoc leis an Údarás Áitiúil cuí. Tá aoisliúntas i gceist le cuid de sin.

10. Leas Stiúrthóirí Boird

Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, ní raibh aon chinneadh de chuid an Bhoird ann a d'fhág gur ghá do chomhaltaí an Bhoird aon dearbhú leasa a thabhairt.

11. Ráitis Airgeadais a Cheadú

Cheadaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 12 Meán Fómhair 2005.